# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2013

# AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

# ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Intreoir an Stiúrthóra | 3 |
| Misean | 4 |
| Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre | 4 |
| Ceisteanna Suntasacha | 6 |
| Samplaí a Fuarthas le haghaidh Anailíse | 7 |
| Clár um Alcól san Fhuil agus sa Mhún | 7 |
| Clár um Dhrugaí san Fhuil agus sa Mhún | 12 |
| Clár um Alcól san Anáil | 18 |
| Finné Gairmiúil | 21 |
| Dearbhú Cáilíochta | 22 |
| Faisnéis Airgeadais | 22 |
| Rialachas Corparáideach | 22 |
| Saoráil Faisnéise | 26 |
| Soláthar Foirne | 26 |
| Comhdhálacha, Oiliúint & Cur i Láthair Seimineáir | 28 |
| Ídiú Fuinnimh | 31 |
| Séanadh Dlí | 32 |

## Intreoir an Stiúrthóra

Táim sásta an intreoir seo a scríobh do Thuarascáil Bhliantúil an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre do 2013, mar a gcuirim béim ar chuid de na forbairtí don bhliain. Leagann an tuarascáil amach achoimriú de ghníomhaíochtaí agus d´fheidhmíocht an Bhiúró agus a ról bunriachtanach i Straitéis an Rialtais Sábháilteachta ar na Bóithre.

Ba í an bhliain 2013 dara bliain na dteorainneacha nua agus níos ísle alcóil do thiománaithe faoi thionchar an óil, agus ba í dará bliain na bpointí pionóis riaracháin freisin.

D´fhaomhaigh, thástáil agus sholáthair an Biúró dhá chinn is fiche sa bhreis de ghléasanna tástála fianaisí anála chuig Stáisiúin na nGardaí go náisiúnta le linn 2013. Méadú 34% a bhí ansin, rud a thug líon iomlán na ngléasanna i Stáisiúin na nGardaí go sé cinn is ochtó.

D´éirigh leis an mBiúró ina iarratas do chreidiúnú i síniú dá réim tástála drugaí TFT, a cheadaíonn leathnú todhchaí i líon na ndrugaí a ndéanfar tiománaithe a thástáil lena n-aghaidh de réir caighdeán creidiúnaithe. Chríochnaigh an Biúró freisin feidhmiú céimneach chéim a haon de Chóras Bainistíochta Faisnéise Saotharlainne (CBFS) ina rannóg thocsaineolaíochta.

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm Tástála Ceimicí Cois Bóthair do Dhrugaí; chuir an Biúró príomhról comhtháite leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS) agus leis an nGarda Síochána ar na foghrúpaí cur i bhfeidhm eolaíocha agus dlí.

Thug an Biúró comhairle don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le tógáil samplaí fola ón tiománaí ar éagumas agus in éineacht le RITS, leis an nGarda Síochána agus le saineolaithe leighis rinne sé athbhreithnithe ar nósanna imeachta do chur i bhfeidhm an dlí, a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfear i bhfeidhm é i 2014. Bhí an biúró freisin ar cheann de na comhpháirtithe a raibh ionadaíocht aige i nGrúpa Oibre Leighis Tráchta Bhóthair, a raibh Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gceannas air, agus a bhain le réimse fhorbairt agus fhoilsiú Threoirlínte cuimsitheacha Inniúlachta Leighis Tiomána.

Thug an Biúró freisin faoi athbhreithniú cuimsitheach a Phlean Leanúnachais Ghnó, mar chuid dá oibríochtaí corpáideacha, lena n-áirítear straitéis bhainistithe riosca chorparáidigh.

Leanann an Biúró air de bheith ag obair in éineacht le Ranna Rialtais agus le hÚdaráis Phoiblí agus freisin le pobal úsáidte na mbóithre chun na spriocanna agus na torthaí a sheachadadh atá leagtha amach sa Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre mar a bhfuil an Biúró ina phríomhghníomhaireacht nó ina ghníomhaireacht tacaíochta i gcuid de na 144 ghníomh straitéise.

***An tOllamh Denis A. Cusack,***
***Stiúrthóir***

## Misean

Is é Misean an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ná seirbhís náisiúnta fhóiréinseach atá d´ardchaighdeán a sholáthar chun alcól/drugaí (meisceacha) a aimsiú, chun tacú le feidhmiú éifeachtach na reachtaíochta um thrácht ar bhóithre.

## Feidhmeanna an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

Is é an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach as tástáil cheimiceach na substaintí meisceacha le linn tiomána in Éirinn; comhlacht corparáideach is ea an Biúró a bunaíodh i Mí na Samhna 1968 ag an Aire um Rialtas Áitiúil faoi Chuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire chuige seo: an tAire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil ar an 22ú lá de Mhí Iúil 1997. I Mí Mheithimh 2002 tháinig an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi choimirce an Aire Iompair faoin Ordú um Aistriú Riaracháin Roinne agus Feidhmeanna Aire, 2002.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha síos sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968 – 2010, agus ina gcuid rialachán, agus áirítear orthu:

- Fáil agus anailís le haghaidh substaintí meisceacha de shamplaí fola agus múin a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró.
- Eisiúint teastas anailíse.
- Soláthar trealaimh do thógáil nó do sholáthar samplaí fola agus múin.
- Faomhadh, soláthar agus tástáil trealaimh nó fearais chun láithreacht alcóil san anáil a léiriú.
- Faomhadh, soláthar agus tástáil trealaimh nó fearais chun cion an alcóil san anáil a chinneadh.

- Taighde faoi ólachán agus faoi dhrugaí i dtaca le tiomáint, lena n-áirítear na modhanna chun méid an alcóil nó na ndrugaí i gcorp duine a chinneadh, agus an eipidéimeolaíocht a bhaineann le bheith ag tiomáint faoi thionchar substaintí meisceacha.

Nuair a bunaíodh an Biúró i 1968 thosaigh sé ag feidhmiú do Thástáil Cois Bóthair Alcóil, d´Anailís Alcóil Fhola agus Mhúin, Eisiúint Teastas agus soláthar feistis chun samplaí a thógáil (Trealaimh). Ó shin rinneadh roinnt athruithe reachtaíochta, leithéidí tabhairt isteach tástála alcóil anála fianaisí, agus tiomáint faoi thionchar drugaí (TFTD), samplaí a soláthraíodh in ospidéil, samplaí a tógadh ó thiománaithe a bhí in imbhuailtí agus tástáil éigeantach alcóil. B´éigean don Bhiúró gach gné dá chuid oibre a leathnú agus a fhorbairt, agus é ag díriú ar a chuid freagrachtaí dlí faoi mar atá siad sin leagtha amach sna hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre (ATB) agus i gcomhréir le Straitéis Sábháilteachta an Rialtais ar na Bóithre. Faoi láthair tá an Biúró ag feidhmiú roinnt clár agus seirbhísí, agus seo a leanas iad: Anailís Alcóil Fhola agus Mhúin, Anailís Alcóil Anála; Anailís Druga Fhola agus Mhúin; Taighde – ag Tiomáint faoi Thionchar Substaintí Meisceacha; Finné Gairmiúil Saineolach; Corparáideach/Airgeadas agus Dearbhú Ráthaíochta.

Tá an Stiúrthóir freagrach as reáchtáil laethúil an Bhiúró. Tá an Príomhanailísí, P. Leavy, freagrach as reáchtáil laethúil na saotharlann agus a gcuid clár, agus tá an Riarthóir Sinsearach, T. Clarke, freagrach as an gclár Corparáideach//Airgeadais agus as riarachán ginearálta laistigh den Bhiúró. Tá bainisteoir cláir ag gach clár ar Príomhanailísí é. Tá Bainisteoir Cáilíochta ceaptha ag an mBiúró (féach an chairt eagrúcháin).

Feidhmíonn an Biúró i dtimpeallacht eolasbhunaithe a bhfuil sé spleách air, agus tá iarracht déanta aige i gcónaí bheith suas chun dáta leis an teicneolaíocht agus na modhanna is fearr eolais a úsáid. Choinnigh sé suas le nuálaíocht ionstraimíochta, i réimsí an aimsithe alcóil agus drugaí araon, ag eisiúint ionstraimí oiriúnacha do thástáil fhianaiseach anála i Stáisiúin Gharda roghnaithe chomh maith le gléasanna oiriúnacha do thástáil alcóil anála cois bóthair.

Ó bunaíodh an Biúró tá clú bainte amach aige mar eagraíocht a bhfuil ard-ionracas foiréinseach ag baint leis, agus bhí sé in ann eolais agus taithí a roinnt lena chuid foirne, a chuid cliant agus páirtithe ábhartha eile a fuarthas thar thréimhse de dhaichead bliain, trí oideachas, oiliúint agus comhairle. Ceann de na mórfhachtóirí a chabhraíonn le feidhmiú an Bhiúró is ea na baill oilte foirne a fhostaítear sa Bhiúró.

Soláthraíonn an Biúró seirbhís don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, do na Cúirteanna, don Gharda Síochána, do dhlíodóirí cosanta agus ionchúisimh agus don phobal.

# Ceisteanna Suntasacha le linn 2013

### *Teorainn Níos Ísle do Thiomáint ar Meisce*

Ba í 2013 an dara bliain iomlán ó tugadh isteach na teorainneacha nua alcóil faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010.

### *Dearbhú Cáilíochta*

Rinneadh an creidiúnú ISO 17025 a chothabháil i 2013 do na tástálacha seo a leanas.

- Anailís Alcóil Fhola agus Mhúin
- Tástáil Fhianaiseach Anála
- Réamhthástáil Anála
- Réamhthástáil Drugaí
- Cannabas san Fhuil agus sa Mhún
- Beinsidhé-asaipín sa Mhún

### *Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre 2013 - 2020*

Dul chun cinn i réimsí freagrachta laistigh de Straitéis Sábháilteachta an Rialtais ar na Bóithre.

### *Réamhthástáil Anála*

Lean an Biúró air de bheith ag tacú le breis is 1,000 gléas Draeger 6510 a soláthraíodh do na Gardaí le linn 2013.

### *Tástáil Fhianaiseach Anála Alcóil*

Lean an Biúró air de bheith ag tacú leis an nglúin nua gléasanna i Stáisiúin na nGardaí go náisiúnta agus sholáthair sé cúrsaí nua oiliúna d´Oibritheoirí agus do Mhaoirseoirí.

Rinneadh dhá chinn is fiche d´ionstraimí breise a shuiteáil, a choimisiúnú agus a thástáil i Stáisiúin na nGardaí idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2013.

### *Tástáil Cois Bóthair do Dhrugaí Ceimiceacha*

Mar chuid den Ghrúpa Cur i bhFeidhm Tástála Cois Bóthair do Dhrugaí Ceimiceacha, d´fhorbair an Biúró sonruithe agus riachtanais do sholáthar Tástála Cois Bóthair do Dhrugaí Ceimiceacha.

### *Réamhthástáil Drugaí*

Lean an Biúró air de bheith ag forbairt modh nua réamhthástála drugaí, ag úsáid LC-MS-MS d´anailís drugaí a ndéantar iad a thástáil ag an gcóras atá ann cheana chomh maith le haicmí breise.

### *Sreabhán Béil*

Bhunaigh an Biúró saotharlann tástála sreabháin bhéil agus d´fhorbair sé agus bhailíochtaigh sé modh GC-MS-MS d´anailís THC (Cannabas) i sreabhán béil mar chuid de na hullmhúcháin do mheasúnú na gcóras Tástála Cois Bóthair do Dhrugaí Ceimiceacha.

## Samplaí a Fuarthas le haghaidh Anailíse

I 2013, san iomlán rinneadh anailís ar 9,539 sampla fola, múin agus anála don chion alcóil. Bhí laghdú le sonrú i líon na samplaí fola agus múin a ndearnadh anailís orthu le linn 2013. Agus líon na samplaí anála san áireamh bhí laghdú iomlán le sonrú de 14.3% le hais an líon iomlán samplaí a ndearnadh anailís orthu le linn 2012. Rinneadh anailís ar 1,238 do láithreacht drugaí agus is ionann sin agus laghdú de 16.5% le hais 2012.

**Tábla 1**

**Líon Iomlán na Samplaí a Fuarthas laistigh de Chláir**

| Clár | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Alcól: Fuil & Mún** | **3,310** | **4,174** |
| **Tocsaineolaíocht: Fuil & Mún** | **1,238** | **1,484** |
| **Tástáil Fhianaiseach Anála** | **4,991** | **5,477** |

## *Clár um Alcól san Fhuil agus sa Mhún*

Is í an Príomhanailísí, H. Kearns, atá i gceannas ar an rannóg seo. Seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Fáil agus anailís samplaí fola agus múin a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró
- Cinneadh, maidir lena leithéid de shamplaí de chion an alcóil san fhuil agus sa mhún
- Eisiúint teastas anailíse
- Soláthar trealaimh chun a leithéid de shamplaí a thógáil
- Tástáil samplaí bréige
- Soláthar cabhrach saineolaí chuig na Cúirteanna agus chuig RITS
- Bailiú agus anailís sonraí i dtaca le tástálacha alcóil.



### *Soláthar Trealamh Fola agus Múin*

Lean an Biúró air de bheith ag ullmhú trealaimh do sholáthar samplaí agus tháirg sé 2,000 trealamh fola agus 1,200 trealamh múin i 2013. Ullmhaíodh 1,200 crúiscín. Eisíodh trealamh don Gharda Síochána de réir mar a bhí riachtanach (Eisíodh 6,800 Trealamh).

### *Anailís Alcóil Fola agus Múin*

Déantar anailís ar shamplaí fola agus múin ag úsáid Crómatagrafaíochta Gáis Idirspáis le Brathadóireacht Ianúcháin Lasrach (HSGC-FID). Déantar anailís ar gach sampla dhá uair, ar a laghad, ag beirt eolaithe éagsúla, agus iad ag úsáid dhá chóras HSGC-FID éagsúla. Ní mór go n-aontódh torthaí anailísí lena chéile sula n-eisítear Teastas Anailíse.

Fuarthas san iomlán 3,310 sampla fola agus múin le haghaidh anailíse le linn 2013. Rinneadh anailísí agus eisíodh teastais i 3,195 de na cásanna seo. I 115 (3.5%) chás níor eisíodh teastais cé acu mar gheall ar easnamh éigean sa sampla nó sna doiciméid a bhí in éineacht leis. Taispeánann líon na samplaí fola agus múin a fuarthas i 2013 laghdú de 22% le hais líon na samplaí a fuarthas le linn 2012.

### *Líon na Samplaí a Soláthraíodh in Ospidéil*

I 2013 soláthraíodh 500 sampla in ospidéil, is ionann sin agus méadú de 7.1% le hais 2012. Bhí cion alcóil a sháraigh 150mg/100ml fola ag 25.3% acu seo, agus bhí cion alcóil a sháraigh 200mg/100ml múin ag 26% acu. Bhí cion a sháraigh 200mg/100ml fola ag 11.5% agus bhí cion a sháraigh 267mg/100ml múin ag 6.5%.

Is féidir gur tharla an méadú seo mar thoradh díreach ar thabhairt isteach ATB 2011, a d´fhág go bhfuil samplaí le tógáil ó thiománaithe gortaithe a aistrítear chuig ospidéil tar éis timpistí tráchta bhóthair. Is í 2013 dara bliain chur i bhfeidhm iomlán ATB 2011.

### *Meánleibhéal Alcóil san Fhuil agus sa Mhún*

Ba é an meánleibhéal alcóil san fhuil ná 120mg/100ml agus 137mg/100ml sa mhún.

### *Anailís Ama*

As an líon iomlán de shamplaí fola agus múin a fuarthas soláthraíodh 66.3% idir 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., 15.4% idir 4.00 i.n. agus 9.00 i.n., agus fuarthas an 17.6% eile idir 6.00 r.n. agus 4.00 i.n. Léiríonn seo patrún den chineál céanna is a bhí le sonrú i 2012 agus 2011.

### *Dhá Uair thar an Teorainn de 50mg/100ml (Fuil) nó 67mg/100ml (Mún)*

Le linn 2013 deimhníodh 1,762 sampla a bhí dhá uair nó níos mó thar na teorainneacha seo. Léiríonn an figiúr seo 55.1% de líon iomlán na samplaí a deimhníodh.

### *Inscne i Samplaí Fola agus Múin*

Le tabhairt isteach ATB 2010, rinneadh soláthar do mhéadú phróifíl eolais an tiománaí atá ólta nó drugáilte. Is í 2013 an dara bliain inar féidir leis an mBiúró anailís a dhéanamh ar na sonraí.

**INSCNE NA SAMPLAÍ – Anailís Alcóil Fola agus Múin**

| Inscne | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| Fir | 2,665 | 80.5% | 3,436 | 82.3% |
| Mná | 606 | 18.3% | 661 | 15.9% |
| Ní fios | 39 | 1.2% | 77 | 1.8% |

**Tábla 3**

**Próifíl Aoise na Samplaí – Anailís Alcóil Fola agus Múin**

| Próifíl Aoise | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| ≤ 24 | 844 | 25.5% | 1,068 | 25.4% |
| 25 – 44 | 1,557 | 47.0% | 2,039 | 48.4% |
| 45 – 54 | 454 | 13.7% | 527 | 12.5% |
| ≥55 | 428 | 13.0% | 527 | 12.5% |
| Ní fios | 27 | 0.8% | 52 | 1.2% |

**TÁBLA 4**

**Leibhéal Deimhnithe Alcóil Fhola – Comparáid leis an mbliain roimhe sin**

| Mg. Alcóil per 100ml Fola | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 – 20 | 465 | 25.3 | 494 | 21.3 |
| 21 – 50 | 83 | 4.5 | 131 | 5.6 |
| 51 – 80 | 124 | 6.7 | 165 | 7.1 |
| 0 - 80 | 672 | | 790 | |
| 81 - 100 | 96 | 5.2 | 126 | 5.4 |
| 101 - 150 | 315 | 17.2 | 418 | 18.1 |
| 151 - 200 | 342 | 18.6 | 462 | 19.9 |
| 201 & Thairis sin | 414 | 22.5 | 523 | 22.6 |

**TÁBLA 5**


**Leibhéal Deimhnithe Alcóil Mhúin – Comparáid leis an mbliain roimhe sin**

| Mg. Alcóil per 100ml Múin | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 – 27 | 378 | 27.9 | 412 | 24.1 |
| 28 – 67 | 87 | 6.4 | 123 | 7.2 |
| 68 - 107 | 107 | 7.9 | 159 | 9.3 |
| 0 - 107 | 572 | | 694 | |
| 108 – 135 | 93 | 6.9 | 144 | 8.4 |
| 136 - 200 | 233 | 17.2 | 319 | 18.6 |
| 201 – 267 | 281 | 20.7 | 304 | 17.8 |
| 268 & Thairis sin | 177 | 13.0 | 249 | 14.6 |

## *Clár um Dhrugaí san Fhuil agus sa Mhún*

Is í an Príomhanailísí, R. Maguire, atá i gceannas ar an gclár seo. Seo a leanas príomhfheidhmeanna an chláir seo:

- Fáil agus anailís samplaí fola agus múin a cuireadh ar aghaidh chuig an mBiúró, mar ar eisíodh ráiteas TFA do chion alcóil anála cheana féin. Cinneadh, maidir lena leithéid de shamplaí de láithreacht (más ann di) druga nó drugaí san fhuil nó sa mhún
- Eisiúint teastas anailíse
- Soláthar cabhrach saineolaí chuig na Cúirteanna agus RITS
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha tocsaineolaíochta
- Tástáil cois bóthair drugaí




### *Réamhanailís*

Déanann an Biúró anailís ar gach sampla fola agus múin, a fhaightear iad a bheith faoi bhun teorann d´alcól, do láithreacht seacht n-aicme éagsúla druga nó drugaí. Is féidir leis na Gardaí freisin anailísí druga a iarraidh do shamplaí a mbaineann leibhéil alcóil thar an teorainn seo leo, agus freisin do shamplaí mar ar eisíodh ráiteas TFA do chion alcóil anála cheana. Ba é líon na samplaí ó 2013 a ndearnadh anailís orthu do láithreacht druga nó drugaí ná 1,238; i gcás 2 chinn eile ní raibh an sampla mór go leor le hanailís druga a dhéanamh air. Is ionann sin agus laghdú de 16% le hais na samplaí a ndearnadh anailís orthu le linn 2012.

Lean LBSB air de bheith ag tástáil samplaí faoi bhun 80mg/100ml san fhuil agus 107mg/100ml sa mhún. Thit 1,227 isteach sa chatagóir seo; bhí 11 os cionn an leibhéil seo agus rinneadh tástáil orthu ina dhiaidh sin tar éis iarratais a rinneadh ag An nGarda Síochána. Níorbh ann d´aon samplaí a ndearnadh tástáil orthu le haghaidh alcóil, ag úsáid TFA a cuireadh isteach go díreach le haghaidh tástála druga i 2013. As na 1,238 sampla a ndearnadh tástáil orthu fuarthas amach go raibh 716 (58%) dearfach maidir le haicme amháin drug, ar a laghad, tar éis réamhthástála druga a dhéanamh orthu, agus go raibh 522 acu (42%) diúltach le haghaidh drugaí.

Bhí i gceist leis an réamhthástáil imdhíon-mheasúnacht ar tástáil í ar féidir léi láithreacht druga a aimsiú i sreabhán bitheolaíoch trí úsáid antasubstaintí sonracha. Baintear seo amach sa Bhiúró ag anailísithe trí úsáid trealamh atá ar fáil ar bhonn tráchtála.

Cuireadh tús i 2013 le hobair ar réamhthástáil nua druga a leathnóidh amach cineál agus líon na ndrugaí sin a chuireann as don iompar ar féidir le LBSB tástáil lena n-aghaidh.




***Anailís Deimhnithe***

Cuireann an Biúró i gcrích tástáil deimhnithe do láithreacht Channaibionóideach i samplaí fola agus múin agus do láithreacht na haicme druga Beinsidhé-asaipín i samplaí múin ag áitreabh an Bhiúró i gCOBÁC.

Úsáideann an Biúró cé acu Crómatagrafaíocht Gháis le Mais-Speictriméadracht nó Crómatagrafaíocht Leachta le Mais-Speictriméadracht Sraithe agus é ag déanamh anailíse deimhnithe ar dhrugaí. Ceadaíonn na teicnící seo cinneadh dobhréagnaithe drugaí i sreabháin bhitheolaíocha. Cé go gcuireann an Biúró mórchuid na hanailíse deimhnithe i gcrích ag campas COBÁC (77%), tá sé tar éis socrú a dhéanamh le go ndéanfaí cuid den tástáil ag an LGC (23%) sa Ríocht Aontaithe (RA). Tugann an tábla seo a leanas breac-chuntas ar líon agus ar chineál na dtástálacha deimhnithe a cuireadh i gcrích ag áitreabh an Bhiúró i gCOBÁC agus líon agus cineál na tástála a cuireadh i gcrích ag an LGC sa RA.

## Clár 6

### Achoimriú ar Thástáil Deimhnithe

| Aicme Druga | Líon na dTástálacha | Líon na nAnailítí | Cé a chuir i gcrích | % |
|---|---|---|---|---|
| Cannabas | 449 | 2 | LBSB | 63 |
| Beinsidhé-asaipíní sa Mhún | 98 | 27 | LBSB | 14 |
| Beinsidhé-asaipíní san Fhuil | 62 | 25 | LGC | 9 |
| Codlaidínigh | 53 | 4 | LGC | 7 |
| Cócaon | 26 | 3 | LGC | 4 |
| Meatadón | 10 | 2 | LGC | 1 |
| Amfataimín | 9 | 2 | LGC | 1 |
| Meitiolamfataimín | 9 | 2 | LGC | 1 |
| Iomlán | 716 | 42* | níl fáil air | 100 |

*Ní chuirtear anailítí do Bheinsidhé-asaipíní san áireamh ach uair amháin agus an t-iomlán seo á áireamh


Faoi mar atá le feiceáil ba í an tástáil ba mhó a ndearnadh seachfhoinsiú di ná beinsidhé-asaipíní san fhuil, agus rinneadh tuilleadh dul chun cinn suntasach i bhforbairt mhodha ag an mBiúró ag campas COBÁC i 2013.

### *Torthaí Anailíse Druga*

As na 1,238 sampla a ndearnadh tástáil orthu do láithreacht drugaí, bhí 716 nó 58% dearfach d´aicme dhruga amháin, ar a laghad, agus ní raibh aon cheann de na 7 n-aicme dhruga, ar féidir le LBSB iad a aimsiú, le fáil iontu, sin 521 nó 42%.


Taispeántar na torthaí inar aimsíodh drugaí ag an réamhthástáil druga sa chairt thíos. Faoi mar atá le feiceáil is é Cannabas an ceann is coitianta, agus ina dhiaidh sin Beinsidhé-asaipíní, faoi mar a tuairiscíodh roimhe seo [1, 2].

**Coitiantacht na nAicmí Drugaí bunaithe ar réamhThástáil Drugaí**




Tugadh faoi deara freisin aimsiú drugaí iomadúla a chuireann isteach ar an iompar sa sampla céanna a tógadh ó thiománaithe, a tuairiscíodh cheana [1], bunaithe ar réamhshonraí anailíse drugaí. San iomlán, bhí 52% de na samplaí ar fad a cuireadh isteach do réamhthástáil druga dearfach do 2 nó níos mó ná d´aicmí druga. Cuireann an chairt thíos béim ar mhéid na faidhbe seo.


**Coitiantacht úsáid Drugaí Iomadúla bunaithe ar Réamhthástáil Druga**




Tá na meascáin is mó atá le fáil sa chairt thíos de réir oird.


**Coitiantacht an Mheascáin Druga a Fhaightear bunaithe**

**ar Réamhthástáil Druga**



I gcás gach sampla, roghnaíodh 1 aicme druga lena dheimhniú agus taispeánann an chairt thíos dáileadh na n-aicmí druga a aimsíodh. Arís, is iad na príomhdhrugaí a aimsíodh ná Cannabas agus Beinsidhé-asaipíní.

**Coitiantacht na nAicmí Drugaí bunaithe ar Thástáil Deimhnithe**




### *Tástáil Cois Bóthair do Dhrugaí Ceimiceacha*

I 2013 bunaíodh an grúpa um Chur i bhFeidhm Tástála Cois Bóthair do Dhrugaí Ceimiceacha, grúpa a bhfuil ionadaithe aige ó Bhiúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Síochána, ó RITS agus ó LBSB. Tionóladh chéad chruinniú an ghrúpa i Mí Feabhra, agus tionóladh 5 chruinniú breise le linn 2013, lena n-áirítear turas allamuigh ar an mBeilg chun athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas an TCBDG i dtír a bhfuil flúirse taithí aici sa réimse. Bhí an grúpa an-ghníomhach maidir le forbairt na riachtanas agus na sonruithe do Thástáil oiriúnach Cois Bóthair Dhrugaí Ceimiceacha a bheadh le húsáid i bPoblacht na hÉireann agus é i gceist Tairiscint a fhoilsiú i 2014.

### *Taighde*

Tá drugaí agus tiomáint (TFTD) ina chúis imní i gcónaí don Rialtas, go háirithe maidir le forfheidhmiú. Beidh an réimse iomlán seo, scagadh cois bóthair do dhrugaí ina dhúshlán don Bhiúró.

Mar gheall ar an tslí ina bhfuil mí-úsáid drugaí ag athrú tá gá leanúnach ann le monatóireacht a dhéanamh ar na drugaí sin atá á mí-úsáid ag tiománaithe. Tá LBSB ag forbairt modhanna nua go gníomhach ar aidhm leo cineál agus líon na ndrugaí sin a mhéadú, a chuireann isteach ar iompar duine, agus ar féidir iad a aimsiú, agus freisin tá

sé ag cur feabhais ar na modhanna ar ann dóibh cheana chun cinntiú go gcoinníonn na modhanna suas le dul chun cinn ó thaobh aimsiú drugaí de.

## *Clár um Alcól san Anáil*

Is é an Príomhanailísí, D. Reynolds, atá i gceannas ar an gclár seo. Is iad na príomhfheidhmeanna a bhaineann leis an gclár seo ná:

- Faomhadh, soláthar agus tástáil fearais chun láithreacht an alcóil san anáil a léiriú (gléasanna do scagadh cois bóthair anála)
- Faomhadh, soláthar agus tástáil fearais chun cion an alcóil san anáil a chinneadh (ionstraimí do thástáil fhianaiseach anála)
- Soláthar cabhrach saineolaí chuig na Cúirteanna agus RITS
- Soláthar cúrsaí oiliúna d´Oibritheoirí agus do Mhaoirseoirí EvidenzerIRL.
- Bailiú agus anailís sonraí maidir le tástálacha fhianaiseacha alcóil san anáil.




### *Tástáil Cois Bóthair Alcóil san Anáil*

Lean an Biúró air de bheith ag tacú leis na gléasanna leictreonacha Draeger 6510 a eisíodh don Gharda Síochána i 346 Stáisiún Garda.




## Tástáil Fhianaiseach Alcóil Anála

Ó tugadh isteach tástáil fhianaiseach anála i 1999 d´fhaomhaigh, sholáthair, chothabháil agus thástáil an Biúró ceithre ghléas is seasca i Stáisiúin Gharda go náisiúnta. I 1999, rinneadh gléasanna Intoxilyzer 6000IRL a shuiteáil agus tar éis an athraithe sa teorainn alcóil i 2011 cuireadh gluin nua gléasanna in áit na ngléasanna seo – an EvidenzerIRL.

Lean an Biúró air de bheith ag tacú leis na 64 ghléas EvidenzerIRL i Stáisiúin Gharda. Rinneadh 22 ghléas breise a shuiteáil, a choimisiúnú agus a thástáil i Stáisiúin Gharda idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2013, rud a d´fhág go raibh san iomlán 86 ghléas EvidenzerIRL ar fáil ag an nGarda Síochána do thástáil fhianaiseach anála.

## Oiliúint

Lean an Biúró air de bheith ag soláthar cúrsaí oiliúna Oibritheora agus Maoirseora i gcomhar leis an nGarda Síochána. Is cúrsa oiliúna lae go leith é seo a ceapadh chun Oibritheoirí agus Maoirseoirí Garda a oiliúint maidir le húsáid an ghléis EvidenzerIRL.

Tionóladh na cúrsaí oiliúna seo a leanas le linn 2013:

- 4 Chúrsa Oiliúna d´Oibritheoirí (315 Oibritheoir)
- 4 Chúrsa Oiliúna do Mhaoirseoirí (103 Mhaoirseoir)

**Tábla 7**

**Leibhéal Deimhnithe Alcóil san Anáil – Comparáid leis an mbliain roimhe sin**

| µg. an Alcóil per 100ml den Anáil | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | (%) | Líon | (%) |
| 0 - 9 | 403 | 9.2 | 485 | 9.9 |
| 10 – 22 | 575 | 13.2 | 633 | 13.0 |
| 23-35 | 652 | 14.9 | 807 | 16.5 |
| | | | | |
| 36 – 44 | 474 | 10.8 | 471 | 9.6 |
| 45 – 66 | 1,081 | 24.7 | 1,216 | 24.9 |
| 67 & Thairis sin | 1,196 | 27.3 | 1,272 | 26.0 |

### *Anailís Alcóil san Anáil*

I 2013 san iomlán tógadh 4,991 sampla i Stáisiúin Gharda, sin laghdú de 8.9% le hais 2012. Deimhníodh 4,381 de na samplaí; bhí 77.7% thar an teorainn dhlíthiúil de 22µg/100ml. As an líon iomlán tástálacha anála a cláraíodh, i gcás 610 acu níor tugadh ráiteas faoi Roinn 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre.

### *Tástáil & Cuairteanna ar Stáisiúin Gharda*

Thug Eolaithe de chuid an Bhiúró cuairt ar agus thástáil siad gach gléas a suiteáladh roimhe seo i stáisiúin Gharda ar a laghad dhá uair le linn 2013. Thug eolaithe de chuid an Bhiúró breis is 220 cuairt ar ionaid ghléis TFA ar fud na hÉireann le linn na bliana. Chlúdaigh na cuairteanna seo tástáil agus cothabháil agus is eilimint bhunriachtanach iad maidir le dearbhú cháilíocht torthaí tástála alcóil san anáil do chuspóirí fianaiseacha.

### *Meánleibhéal Alcóil san Anáil*

Ba é meánleibhéal an alcóil san anáil ná 47.5µg/100ml.

### *Anailís Ama*

As an líon iomlán samplaí anála a fuarthas soláthraíodh 71.5% idir uaireanta 9.00 i.n. agus 6.00 r.n., 12.6% idir 4.00 i.n. agus 9.00 i.n., agus fuarthas na 15.9% eile idir 6.00 r.n. agus 4.00 i.n.

### *Dhá uair thar an Teorainn de 22 µg /100ml (Anáil)*

Bhí 52% de na samplaí anála a soláthraíodh níos mó ná dhá uair thar an teorainn seo.

### *Inscne i Samplaí Tástála Fianaisí Anála*

Le tabhairt isteach ATB 2010, rinneadh soláthar do mhéadú phróifíl eolais an tiománaí atá ólta nó drugáilte. Is í 2013 an dara bliain iomlán inar féidir leis an mBiúró anailís a dhéanamh ar na sonraí.

**Clár 8**
**Próifíl Inscne na Samplaí – Anailís Alcóil san Anáil**

| Inscne | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| Fir | 3,825 | 87.3% | 4,277 | 87.6% |
| Mná | 556 | 12.7% | 607 | 12.4% |
| Ní fios | 0 | 0% | 0 | 0% |

**Tábla 9**
**Próifíl Aoise na Samplaí – Anailís Alcóil san Anáil**

| Próifíl Aoise | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | Líon | % | Líon | % |
| ≤ 24 | 826 | 18.9% | 957 | 19.6% |
| 25 – 44 | 2,395 | 54.7% | 2,683 | 54.9% |
| 45 – 54 | 666 | 15.2% | 718 | 14.7% |
| ≥55 | 488 | 11.1% | 524 | 10.7% |
| Ní fios | 6 | 0.1% | 2 | 0.1% |

## Finné Gairmiúil

Is é réimse fhorfheidhmiú shábháilteacht an tráchta ar bhóithre agus go háirithe i dtaca le tiomáint faoi thionchar na substaintí meisceacha (idir alcól agus drugaí) an réimse is mó ina dtéitear chun dlí i réim an dlí choiriúil in Éirinn. Tá an Biúró páirteach i gcomhairle a thabhairt do chásanna a thagann os comhair na gCúirteanna; bíonn a chuid eolaithe ag cabhrú trí dhul os comhair na Cúirte chomh maith.

Le linn 2013 lean an Biúró air de bheith ag soláthar tacaíochta atá neamhspleách, gairmiúil agus saineolach, chun cabhrú leis na Cúirteanna i riar an cheartais. Sholáthair baill d´fhoireann an Bhiúró fianaise ghairmiúil in 12 chás cúirte, a mbaineann beirt acu le hanailís alcóil san fhuil agus sa mhún. Dúshláin dlí a bhí i gceithre cinn acu maidir le tástáil fhianaiseach anála agus bhain 6 cinn le hanailís drugaí. Cúpla uair bhí baill fhoirne ar fuireachas le freastal ar an gcúirt ach ní raibh gá leo.

## *Dearbhú Cáilíochta*

Chothabháil LBSB a Chreidiúnú ISO 17025 i 2013 do na ceithre réimse seo: anailis alcóil san fhuil agus sa mhún; anailís Druga; Tástáil Fhianaise Anála; agus Réamhthástáil Anála a bhfuil creidiúnú aige lena aghaidh.

Fuarthas síniú don raon go luath i 2013, le go gcuirfí Raon Solúbtha san áireamh; tharla sin le suimiú tástálacha nua druga a éascú do raon creidiúnaithe an Bhiúró de réir mar a fhorbraítear iad in-tí. Déantar liosta tástálacha breise creidiúnaithe (LTBC) a chothabháil mar chuid den nós imeachta raoin sholúbtha; níor cuireadh, áfach, aon tástálacha nua drugaí le LTBC le linn 2013. Léiriú ar an gcóras bainistithe cháilíochta den scoth atá i bhfeidhm sa Bhiúró is ea deonadh an Raoin Sholúbtha.

## *Faisnéis Airgeadais*

Faigheann LBSB a chuid maoinithe ó Dheontas Bliantúil ón Vóta don Roinn Iompair. Ba é an leithdháileadh iomlán deontais don Bhiúró do 2013 ná €4,062,000. Trí mhonatóireacht chuimsitheach leanúnach bhuiséadach d´éirigh leis an mBiúró coigilteas suntasach agus beartais shuntasacha éifeachtúlachta a bhaint amach i 2013. San iomlán sábháladh €200,000 gur cuireadh an tsuim sin ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do 2013. Ba é an deontas iomlán a tarraingíodh anuas i 2013 ná €3,862,000.

# Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn Bord LBSB de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Tá an Bord cuntasach don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus don Roinn Airgeadais. Casann baill an Bhoird ar a chéile go rialta agus tá siad freagrach as bainistiú ceart an Bhiúró. Déanann sé mórshocruithe straitéiseacha agus déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistithe riosca agus ar phróisis rialaithe an Bhiúró ar bhonn rialta.

## Baill an Bhoird

Cuimsíonn Bord LBSB cúigear ball (lena n-áirítear an Stiúrthóir) agus ceaptar iad ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

| Ainm | Post | Taifead Freastail |
|---|---|---|
| **An tOllamh Cecily Kelleher** | Cathaoirleach | 4 as 4 |
| **An tOllamh Denis Cusack** | Ball an Bhoird agus Stiúrthóir | 4 as 4 |
| **Declan Hayes** | Ball an Bhoird | 2 as 3 |
| **Philip Joyce** | Ball an Bhoird | 3 as 4 |
| **An Dr. Niall McNamara** | Ball an Bhoird | 4 as 4 |

## Baill agus Cruinnithe an Bhiúró

Le linn 2013 thionóil LBSB ceithre chruinniú. Tionóladh na cruinnithe seo ar 10 Aibreán 2013, 26 Meitheamh 2013, 25 Meán Fómhair 2013 agus ar 12 Nollaig 2013.

## Sceideal na dTáillí agus na gCostas Comhiomlán a Íocadh do Stiúrthóirí le linn 2013

Le linn 2013 íocadh na táillí seo a leanas:

| Ball an Bhoird | CINEÁL TÁILLE | ÍOCTHA |
|---|---|---|
| **Philip Joyce, Ball** | **Táille do bhaill Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí Stáit** | **€6,300** |
| **An Dr. Niall McNamara** | **Táille do bhaill Neamhfheidhmiúcháin Bhoird Chomhlachtaí Stáit** | **€6,299** |

### *Comhlíontacht*

Tá an Bord sásta tuairisciú gur chomhlíon LBSB, le linn na bliana dar deireadh 31 Nollaig 2013, forálacha ábhartha an Chóid Chleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Cuireadh iniúchadh inmheánach i bhfeidhm.

### *Na hAchtanna um Eiticí in Oifigí Poiblí*

Ní raibh aon leasanna ag baill an Bhoird a bhí in oifig ag 31 Nollaig 2013 do chuspóirí na nAchtanna um Eiticí in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

### *An Coiste Iniúchta*

Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar aon ghné a bhaineann le ceisteanna airgeadais an LBSB. Feidhmíonn an coiste de réir téarmaí foirmeálta tagartha. Is gnách go mbíonn baill an Choiste ag freastal ar na cruinnithe agus tuairiscíonn sé don Bhord ar bhonn leathbhliantúil.

### *Iniúchadh Seachtrach Airgeadais*

Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil Ráitis Airgeadais 2013 i gcrích le linn 2014. Níor tháinig aon cheisteanna suntasacha chun solais le linn an iniúchta.

### *Iniúchadh Inmheánach*

Is príomheilimint í an fheidhm inmheánach iniúchta maidir leis an mBord a chur ar an eolas faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais. Feidhmíonn an t-iniúchóir inmheánach de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascáil Iniúchta Inmheánaigh maidir le 2013.

### *Soláthar*

Is é cur amach ar thairiscintí iomaíocha an gnáthpholasaí a úsáidtear ag Bord LBSB sa phróiseas soláthair. Deimhníonn sé gur chomhlíon sé nósanna imeachta soláthair agus treoracha ábhartha AE faoi mar atá siad leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit le linn 2013.

### *Pleanáil Straitéiseach*

Thiomsaigh an Biúró a Phlean Bliantúil Straitéiseach do 2014 agus freisin a Phlean Straitéiseach Cúig Bliana 2014-2018 agus cuireadh an dá straitéis ar aghaidh chuig an Aire. Leagann na Pleananna amach príomhchuspóirí an Bhiúró sa bhliain agus sna blianta atá amach romhainn i gcomhar lena chuid príomhghníomhaíochtaí chun na cuspóirí seo a bhaint amach. Is féidir breathnú ar an dá straitéis ar shuíomh gréasáin an Bhiúró.

### *Prasíocaíocht Chuntas*

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá acu as comhlíontacht a chinntiú maidir leis an Acht um Phrasíocaíocht Chuntas. Faoi chomhaontú le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, íoctar soláthróirí sa chéad dul síos ag an gColáiste, a chúitítear ag an mBiúró ansin. Is é polasaí LBSB cinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Mar chomhlachas earnála poiblí, tá iachall ar COBÁC cloí le riachtanais an Achta maidir le híocaíochtaí chuig soláthróirí do sholáthar earraí nó seirbhísí agus tá nósanna an-diana i bhfeidhm aige, mar sin de.

I gcás líon beag soláthróirí, nuair a fhaigheann an Biúró sonrasc eisíonn sé íocaíocht trí mheán seice go díreach chuig an soláthróir. Ní féidir leis na rialuithe maidir le próiseáil sonrasc, nótaí creidmheasa agus bheith ag plé le hachrainn soláthróra ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

## RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

### Freagracht Rialaithe Inmheánaigh

Ar son Bhaill LBSB, aithním ár bhfreagracht as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chumhdach, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus cé acu go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

### Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá na príomhnósanna seo a leanas leagtha amach ag an mBiúró atá deartha chun rialú éifeachtach inmheánach airgeadais a sholáthar laistigh den Bhiúró. Thoiligh an Biúró go bhfuil an Stiúrthóir agus an fhoireann freagrach as ceisteanna oibríochtúla. Tuairiscíonn an Stiúrthóir don Bhiúró ag a chuid cruinnithe; tionóladh ceithre cinn acu sin i 2013.

Tá a chuid nósanna imeachta airgeadais agus a chuid cleachtas tarmligin leagtha amach ag an mBiúró chun timpeallacht rialaithe thrédhearcach a chinntiú atá oiriúnach do ghníomhaireacht bheag leathstáit. Bhunaigh an Biúró Coiste Iniúchta le linn 2003 chun tacú le ráthaíocht cháilíochta nósanna imeachta airgeadais. Thionóil an Coiste 3 chruinniú le linn 2013 agus thuairiscigh sé don Bhiúró.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach fhaisnéise rialta bhainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dealú na gcúraimí, agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tá mar chuid de go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a athbhreithnítear agus a chomhaontaítear ag an mBiúró.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBiúró thuarascálacha tráthrialta agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais le hais na dtuartha a rinneadh.
- Socrú spriocanna chun feidhmíocht oibríochtúil, airgeadais agus eile a thomhas.
- Disciplíní foirmeálta bainistithe thionscadail.

De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ceapadh Iniúchóir Inmheánach i 2006. Chuir an tIniúchóir Inmheánach athbhreithniú neamhspleách i gcrích ar na cuntais do 2013.

### Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Níor chuir an Biúró i gcrích athbhreithniú ar éifeachtacht a chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais i 2013.

An tOllamh Cecily Kelleher,
Cathaoirleach.

## Saoráil Faisnéise

Le linn 2013 fuair an Biúró iarratas amháin ar pléadh leis lasmuigh de réimse na Saorála Faisnéise.

## Soláthar Foirne


Lean an Biúró air i 2013 de bheith ag feidhmiú laistigh dá líon foirne Creatlaí Rialaithe Fostaíochta.

Le linn na bliana tharla athruithe i bhfoirniú an Bhiúró tar éis do dhaoine éirí as a bpost.

Lean an fhoireann ar fad orthu de bheith ag léiriú solúbthachta chun cinntiú go ndéanfaí gach clár a chothabháil agus go dtabharfaí an chabhair sin do na tionscadail bhreise a bhí riachtanach.

### *Intéirneachtaí*

I 2013 chríochnaigh beirt chéimithe a ceapadh i 2012 a n-intéirneacht faoi Scéim Náisiúnta Intéirneachta Job Bridge an Rialtais. Ceapadh beirt chéimithe breise faoin scéim seo ag deireadh na bliana agus leithdháileadh iad laistigh den Chlár Tocsaineolaíochta ar thionscadail éagsúla.




**PA = Principal Analyst**
**QM = Quality Manager**
**AO = Administrative Officer**
**SA = Senior Analyst**
**AN = Analyst**
**SEA = Senior Executive Assistant**
**EA = Executive Assistant**
**STO = Senior Technical Officer**
**TO = Technical Officer**
**LA = Lab Attendant**
**ITO = IT Officer**
**SRA = Senior Reception Attendant**
**RA = Reception Attendant**

## Comhdhálacha, Oiliúint & Cur i Láthair Seimineáir

1. D´fhreastail Oifigeach Teicniúil ar sheimineár aon lae d´Oifigigh Teicniúla ar 15 Eanáir 2013 i Nova COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

2. D´fhreastail Anailísí Sinsearach ar Chruinniú aon lae de UKIAFT (UK & Ireland Association of Forensic Toxicologists) ar 25 Eanáir, 2013 i nDún Éideann, Albain.

3. D´fhreastail an Stiúrthóir ar Lá Staidéir – Finné Saineolach Chumann Leighis agus Dlí na hÉireann ar 26 Eanáir, 2013 sna Ceithre Cúirteanna, Baile Átha Cliath.

4. D´fhreastail an tOifigeach Sinsearach Riaracháin ar Sheimineár leathlae Bhainistithe Sonraí agus Cosanta Sonraí ar 21 Feabhra, 2013 i COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

5. D´fhreastail Príomhanailísí ar chúrsa aon lae faoi Bhainistiú agus faoi Spreagadh Daoine le linn Tréimhse Dúshlánaí ar 27 Feabhra 2013 i COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

6. Thug an tAnalaisí Ceann Foirne agus Príomhanailísí, mar chuid den Ghrúpa um Chur i bhFeidhm Tástála Cois Bóthair Drugaí Ceimiceacha cuairt ar ghníomhaireachtaí éagsúla ar 17-18 Aibreán, 2013, sa Bhruiséil, an Bheilg.

7. D´fhreastail an tOifigeach TF ar chúrsa aon lae CISCO Unified Access ar 12 Márta, 2013, i Sráid San Séamas, Baile Átha Cliath 8.

8. D´fhreastail Anailísí ar Chomhdháil Bhliantúil IACT ó 14 go 18 Aibreán, 2013 i Minneapolis, Minnesota, SAM.

9. D´fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Cheardlann Anailíseach aon lae Perkin-Elmer ar 17 Aibreán, 2013 in Óstán an Carlton, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15.

10. D´fhreastail an tOifigeach TF, Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Oiliúint 3 lá Orbis LIMS ó 17 go 19 Aibreán ag LBSB, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

11. D´fhreastail an tAnailísí Ceann Foirne ar Chruinniú lá go leith TIAFT Comóradh 50 bliain, ar 26 agus ar 27 Aibreán, 2013, i Londain Shasana.

12. D´fhreastail Príomhanailísí agus Anailísí ar Chruinniú Bliantúil Chumann Mais-Speic. na hÉireann ar 1 Bealtaine 2013, san Óstán ´Red Cow´, Baile Átha Cliath.

13. D´fhreastail an Stiúrthóir ar Chomhdháil Dámh Leighis Fhoiréinsigh & Dlí ar 10 agus ar 11 Bealtaine, 2013 i Leeds Shasana.

14. D´fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú aon lae UKIAFT ar 10 Bealtaine, 2013, i Malvern Shasana.

15. D´fhreastail ceathrar ball foirne ar Chúrsa Scileanna sa Seomra Cúirte ar 10 Bealtaine, 2013 ag LBSB.

16. D´fhreastail Anailísí ar Chúrsa Alcóil Borkenstein ó 12 Bealtaine go 17 Bealtaine, 2013 in Indiana SAM.

17. D´fhreastail Príomhanailísí, Oifigeach Sinsearach Riaracháin agus Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin ar chúrsa aon lae faoi Shaoráil Faisnéise ar 28 Bealtaine, 2013 in IPA, Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.

18. D´fhreastail seachtar ball den fhoireann ar oiliúint in-tí LIMS ar 4 agus ar 5 Meitheamh ag LBSB, Belfield, Baile Átha Cliath.

19. D´fhreastail an Stiúrthóir ar chruinniú dhá lá an British Association in Forensic Medicine ar 21 agus ar 22 Meitheamh 2013 i Strasbourg na Fraince.

20. D´fhreastail an tOifigeach TF ar Chruinniú Teicniúil CISCO aon lae ag Lárionad Gnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath.

21. D´fhreastail an Stiúrthóir, an tAnailísí Ceann Foirne, triúr Príomhanailísithe, beirt Anailísithe sinsearacha, seisear Anailísithe agus Oifigeach Teicniúil amháin ar Chomhdháil UKIAFT, a tionóladh idir 15 agus 16 Lúnasa, 2013, ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

22. D´fhreastail Príomhanailísí ar an gComhdháil Idirnáisiúnta faoi Alcól, Drugaí agus Sábháilteacht ar Bhóithre ó 25 go 28 Lúnasa, 2013 i mBrisbane na hAstráile.

23. D´fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Coiste Chumann Mais-Speic. na hÉireann ar 19 Meán Fómhair, 2013 in Óstán an Clarion, LSAÉ, Baile Átha Cliath.

24. D´fhreastail Príomhanailísí ar Sheisiún faoi Bhainistiú Sonraí agus Faisnéis Eitice ag NACDA ar 1 Deireadh Fómhair 2013 i dTeach Hawkin, Baile Átha Cliath.

25. D´fhreastail triúr Anailísithe ar Chúrsa Oiliúna GC-MS dhá lá ar 10 agus ar 11 Deireadh Fómhair 2013 ag LBSB, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

26. Chríochnaigh Anailísí Cúrsa Ríomhaireachta aon lae ar 11 Deireadh Fómhair 2013 i gCOBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

27. D´fhreastail beirt bhall foirne ar oiliúint e-sholáthair ar 18 Deireadh Fómhair 2013 i gCOBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

28. D´fhreastail Príomhanailísí ar Chruinnithe de chuid NACDA faoi Réamhrabhadh agus Treochtaí atá ag Teacht chun Cinn ar 21 Deireadh Fómhair agus ar 11 Nollaig 2013 i dTeach Hawkin, Baile Átha Cliath.

29. D´fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Athbhreithnithe OIML R126 2012 ar 22 agus 23 Deireadh Fómhair ag PTB, Charlotteburg, Beirlín, an Ghearmáin.

30. D´Fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú Bliantúil Chumann na dTocsaineolaithe Fóiréinseacha ó 27 Deireadh Fómhair go 1 Samhain 2013 in Orlando, Florida, SAM.

31. D´fhreastail Anailísí ar Chúrsa Bainistithe Thionscadail aon lae ar 6 Samhain 2013 i gCOBAC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

32. D´fhreastail Anailísí Sinsearach agus Anailísí ar Sheimineár aon lae MS ABSciex ar 11 Samhain 2013 sa tSaotharlann Stáit, Cill Droichid, Co. Chill Dara.

33. D´fhreastail Cúntóir Sinsearach Feidhmiúcháin ar Chúrsa Forbartha Foirne dhá lá ar 21 agus ar 22 Samhain i dTeach an Aird Mhóir, Belfield Baile Átha Cliath 4.

34. D´fhreastail Anailísí Sinsearach ar Cheardlann Riaracháin cúig lá Oracle Database Leibhéal 1 ó 25 go 29 Samhain, 2013 ag BT Training Solutions, Sráid na Parlaiminte, Baile Átha Cliath 2.

35. D´fhreastail Anailísí Sinsearach ar chúrsa leathlae TF ar 28 Samhain, 2013 i gCOBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

36. D´fhreastail an tAnailísí Ceann Foirne ar Chúrsa aon lae faoi Bhainistiú agus faoi Spreagadh Daoine le linn Tréimhse Dúshlánaí ar 27 Samhain 2013 i gCOBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

37. D´fhreastail Príomhanailísí ar Chruinniú do Bhainisteoirí Cáilíochta ar 5 Nollaig, 2013, ag Bacastún, Cill Droichid, Co. Chill Dara.

38. D´fhreastail Príomhanailísí ar Chúrsa aon lae Aireachais don Fhoireann ar fad agus Scileanna Saoil ar 10 Nollaig, 2013 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

39. D´fhreastail Anailísí Sinsearach ar Cheardlann Riaracháin cúig lá Oracle Database (Leibhéal 2) ó 16 go 20 Nollaig, 2013 ag BT Training Solutions, Sráid na Parlaiminte, Baile Átha Cliath 2.

40. Chríochnaigh Anailísí Sinsearach go rafar Cúrsa Teicneolaíochta Faisnéise dhá bhliain páirtaimseartha G.Dip. i Mí na Bealtaine 2013 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9.

41. Chríochnaigh Freastalaí Saotharlainne go rafar cúrsa do Theastas aon bhliain páirtaimseartha sa tSláinte agus sa tSábháilteacht ag an obair i Mí na Bealtaine 2013 ag COBÁC, Belfield, Baile Átha Cliath 4.

## Ídiú Fuinnimh

Faoi thiomantas an Rialtais chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh phoiblí faoi 33% i 2020 tá clárú déanta ag LBSB do chóras ar líne SEAI agus tá sé ag tuairisciú tríd.

Bhí móriarmhairt dhearfach ó thaobh éifeachtachta fuinnimh de nuair a athlonnaíodh an Biúró ón áit a raibh sé i dtús báire ag Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, a tógadh i 1865, chuig saotharlann nua-aoiseach a tógadh le sainchuspóir ar Champas Belfield COBÁC i 2007.

Is é príomhúsáid fhuinnimh an Bhiúró ná ídiú leictreachais atá riachtanach chun saotharlann nua-aoiseach fhóiréinseach a fheidhmiú, m.sh. teas agus soilsiú, trealamh saotharlainne, láimhseáil aeir, ríomhairí agus freastalaithe.

Tá roinnt tionscnamh tugtha isteach ag an mBiúró chun feabhas a chur ar éifeachtacht fhuinnimh. Baintear úsáid as Córas Bainistithe Fhoirgnimh (CBF) chun monatóireacht a

dhéanamh ar agus chun rialú a dhéanamh ar aonaid téite agus láimhseála aeir, ar choirí uisce (soláthar díreach uisce the) agus feananna eastarraingthe. Bainistítear gach ceann de cheithre urlár áitreabh an Bhiúró ar bhonn aonair agus déantar rialuithe uathoibríocha a sceidealú dá réir. Feistíodh bolgáin solais atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de, braiteoirí gluaiseachta agus lasca amadóra ar fud an fhoirgnimh chun ídiú fuinnimh a laghdú tuilleadh.

Faoi láthair tá LBSB de réir sprice chun an feabhsú 33% a bhaint amach i dtaca le héifeachtacht fhuinnimh de i 2020.

## Séanadh Dlí

Tá nádúr achoimrithe agus ginearálta eolasach amháin ag baint leis an gcur síos agus na staitisticí atá le fáil laistigh den tuarascáil seo. Níor chóir bheith ag brath orthu sin, iontu féin, chun cearta dlí nó socruithe eile a chinneadh faoi na hAchtanna um Trácht ar Bhóithre. Tugtar comhairle do léitheoirí agus d´úsáideoirí deimhniú lena gcuid comhairleoirí dlí aon fhaisnéis ar féidir gur mhian leo bheith ag brath uirthi.

**An tOllamh Denis A. Cusack,**
**Stiúrthóir**

**An tOllamh Cecily Kelleher,**
**Cathaoirleach**